2024/3207

23.12.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/3207 ÓN gCOMHAIRLE

an 12 Nollaig 2024

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2009/1008/AE lena n-údaraítear Poblacht na Laitvia síneadh a chur le cur i bhfeidhm birt de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha ([1]), go háirithe Airteagal 395(1), an chéad fhomhír, de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 2006/42/CE ón gComhairle ([2]) údaraíodh an Laitvia beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 21(1), pointe (a), de Threoir 77/388/CEE ón gComhairle ([3]), chun an faighteoir a ainmniú mar an duine atá faoi dhliteanas an cháin bhreisluacha (CBL) a íoc ar sholáthar adhmaid nó ar sholáthar seirbhísí gaolmhara go dtí an 31 Nollaig 2009. Tugadh údarú don Laitvia le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2009/1008/AE ón gComhairle ([4]), de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE, leanúint d'fhaighteoir an adhmaid nó na seirbhísí gaolmhara a ainmniú mar an duine atá faoi dhliteanas CBL a íoc i gcás idirbhearta adhmaid go dtí an 31 Nollaig 2012 ('an beart speisialta'). Cuireadh síneadh leis an mbeart speisialta ina dhiaidh sin le Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/55/AE ([5]), (AE) 2015/2396 ([6]), (AE) 2018/2006 ([7]) agus (AE) 2022/81 ([8]) ón gComhairle agus tá sé le dul in éag an 31 Nollaig 2024.

(2) Le litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 2 Bealtaine 2024, d'iarr an Laitvia an t-údarú, i gcomhréir le hAirteagal 395(2), an chéad fhomhír, de Threoir 2006/112/CE, leanúint den bheart speisialta a chur i bhfeidhm('an iarraidh'). Bhí tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm an bhirt speisialta ag gabháil leis an iarraidh sin.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 395(2), an dara fomhír, de Threoir 2006/112/CE, chuir an Coimisiún an iarraidh chuig 25 Bhallstát le litir dar dáta an 3 Meán Fómhair 2024, agus chuig an Iodáil an 4 Meán Fómhair 2024. Le litir dar dáta an 5 Meán Fómhair 2024, chuir an Coimisiún in iúl don Laitvia go raibh an fhaisnéis uile is gá aige chun breithmheas a dhéanamh ar an iarraidh.

([1]) IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.
([2]) Cinneadh 2006/42/CE ón gComhairle an 24 Eanáir 2006 lena n-údaraítear an Laitvia síneadh a chur le cur i bhfeidhm birt de mhaolú ar Airteagal 21 den Séú Treoir 77/388/CEE ón gComhairle maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cánacha láimhdeachais (IO L 25, 28.1.2006, lch. 31).
([3]) An Séú Treoir 77/388/CEE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1977 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cánacha láimhdeachais – Comhchóras cánach breisluacha: bonn aonfhoirmeach measúnachta (IO L 145, 13.6.1977, lch. 1).
([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme 2009/1008/AE ón gComhairle an 7 Nollaig 2009 lena n-údaraítear Poblacht na Laitvia síneadh a chur le cur i bhfeidhm birt de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 347, 24.12.2009, lch. 30).
([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/55/AE ón gComhairle an 22 Eanáir 2013 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2009/1008/AE lena n-údaraítear Poblacht na Laitvia síneadh a chur le cur i bhfeidhm birt de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 22, 25.1.2013, lch. 16).
([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2396 an 10 Nollaig 2015 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2009/1008/AE lena n-údaraítear Poblacht na Laitvia síneadh a chur le cur i bhfeidhm birt de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 332, 18.12.2015, lch. 142).
([7]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2006 an 11 Nollaig 2018 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2009/1008/AE lena n-údaraítear Poblacht na Laitvia síneadh a chur le cur i bhfeidhm birt de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 322, 18.12.2018, lch. 20).
([8]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/81 an 18 Eanáir 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2009/1008/AE lena n-údaraítear do Phoblacht na Laitvia síneadh a chur le cur i bhfeidhm birt de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breisluacha (IO L 13, 20.1.2022, lch. 49).

(4) De réir na Laitvia, tá an margadh adhmaid ar cheann de na hearnálacha is tábhachtaí don gheilleagar aici agus b'fhurasta a dhéanfadh an chalaois CBL dochar dó, toisc gur líon mór oibreoirí áitiúla agus soláthróirí aonair atá ann den chuid is mó. Cruthaíodh calaois CBL mar gheall ar chineál an mhargaidh agus ar chineál na ngnólachtaí lena mbaineann, agus bhí deacrachtaí ag údaráis chánach na Laitvia í a rialú. Chun dul i ngleic leis an mí-úsáid sin, thug údaráis chánach na Laitvia an sásra aistrithe táillí isteach maidir le híocaíocht CBL in idirbhearta adhmaid, rud a bhí an-éifeachtach go dtí seo agus ar tháinig laghdú mór ar an gcalaois sa mhargadh sin dá bharr.

(5) Deonaítear bearta speisialta go ginearálta ar feadh tréimhse theoranta chun gur féidir measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na bearta speisialta sin iomchuí agus éifeachtach. Le bearta speisialta, tugtar am do na Ballstáit gnáthbhearta eile a thabhairt isteach ar an leibhéal náisiúnta chun faireachán a dhéanamh ar ghluaiseacht na n-ábhar, ar íocaíocht CBL, agus ar chomhlíontacht na ndaoine inchánach, ar bearta iad lenar cheart dul i ngleic leis an bhfadhb shonrach go dtí go rachaidh an beart speisialta in éag, agus ar an gcaoi sin, nár ghá síneadh a chur leis an mbeart speisialta. Ní dheonaítear beart speisialta lena gceadaítear úsáid a bhaint as an sásra aistrithe táillí ach amháin ar bhonn eisceachtúil le haghaidh réimsí calaoiseacha sonracha agus is é an rogha dheireanach é.

(6) Dá bhrí sin, sula rachaidh síneadh an bhirt speisialta faoin gCinneadh Cur Chun Feidhme seo in éag, ba cheart don Laitvia gnáthbhearta eile a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le calaois CBL agus chun í a chosc sa mhargadh adhmaid, ionas nach mbeadh gá le síneadh eile a chur leis an mbeart speisialta.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart an Laitvia a údarú an beart speisialta a chur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2026 agus go dtí an dáta sin amháin.

(8) Ní bheidh aon drochthionchar ag an mbeart speisialta ar acmhainní dílse an Aontais a fhabhraíonn ó CBL.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart, Cinneadh Cur Chun Feidhme 2009/1008/AE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2009/1008/AE:

'*Airteagal 2*

Rachaidh an Cinneadh seo in éag an 31 Nollaig 2026.'

Airteagal 2

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an dáta a thabharfar fógra faoi.

Airteagal 3

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Laitvia.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Nollaig 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

PINTÉR S.